FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

An timpiste (Cuid I)

Gearrscéal le Pádraig Mac Diarmada

"Má theastaíonn uait éalú le do leannán beidh níos mó airgid ag teastáil uait," arsa an Súilleabhánach. "Bheadh sé níos fearr dúinn an mhóin a dhíol."

Cúpla lá tar éis sin tháinig an Geancachán, Eoin Breathnach, leis an tarracóir agus an leantóir agus d'imigh siad ag preabaireacht síos an lána cnapánach go dtí an portach. Sheas an Súilleabhánach taobh thiar den Geancachán, greim aige ar an ráille cosanta.

Bhí sé féin sa leantóir preabach ag féachaint amach tríd an cliabh. D'iompaigh an Suibhneach agus d'fhéach sé air, a aghaidh ag damhsa. Chuir sé amach a theanga ar chúl an Gheancacháin agus rinne sé aghaidheanna. Cuma aerach, ar nós cuma liom, a bhí air mar a bhíodh i gcónaí.

Thrasnaigh an Geancachán ón lána isteach ar an bportach preabach. Rinne na rothaí iomairí doimhne sa phortach bog a líon go tapaidh le huisce. Murach an fraoch agus na scraitheanna righne a rinne sórt ceise dóibh, rachadh an tarracóir síos go hiomlán agus bheidís i bponc ceart. Nuair a léim siad síos thainig an t-uisce dorcha timpeall a chosa agus thit cith géar flichshneachta orthu. B'ainnis an radharc é.

"Tá sé níos fearr dúinn gan dul isteach ró-fhada nó ní bheimid in ann teacht amach," arsa an Suibhneach. "Beidh sí ceart go leor ansin os comhair na cruaiche amach. Nuair a bheidh an t-ualach uirthi beidh mé in ann í a chasadh ar an bhfraoch. Gheobhaidh sí greim ceart go leor."

An talamh a bhíodar air, bhí sé níos airde ná an talamh díreach os a gcomhair amach. I ndáiríre, ba pholl portaigh a bhí ann, áit a raibh móin bainte as roimhe sin agus sórt réisc sa chúinne ann. Bhí an tarracóir stoptha gar don riasc seo. Líon siad é ag caitheamh cuid den mhóin thar an gcliabh. Thit na chéad fhóid de phlab ar an urlár adhmaid agus de réir mar a bhí an tarracóir ag líonadh d'athraigh siad a fonn go nóta íseal.

"Mura ndíolaimid in ualach amháin é, cuirfimid i málaí iad agus díolfaimid iad ó theach go teach.

Bhí an Súilleabhánach an-seifteach chun caíonna le hairgead a thuilleamh a aimsiú. B'fhada an lá ar an ealaín sin é. B'ealaíontóir é. Dé réir mar a líon an cliabh mhothaigh sé féin níos fearr faoina thodhchaí. B'fhéidir go mbeadh dóthain airgid aige féin agus Áine le héalú.

Chaith siad na fóid dheireaneacha suas ar an tarracóir. Bhí an leantóir lán, an t-ualach ag éirí in airde thar thaobhanna an chléibh. Bhí ar an Súilleabhánach dreapadh suas agus na fóid a réiteach i dtreo nach dtitfeadh siad ar an mbealach abhaile. "Foirfe," ar seisean nuair a tháinig sé anuas. "Nár inis mé duit. Ualach iontach." Agus chaith sé suas an fód deireanach. "Ceann don ádh."

An Geancachán os comhair an innill amach, an lámh dhúisithe ina lámh aige, bhain sé casadh as. Níor dhúisigh sé. Lean se ar aghaidh ag casadh trí nó ceithre huaire agus é ag cromadh agus ag cneadach. Bhí a bhuataisí scoilte ag na sála. Chuala tú gliogar ag an uisce iontu nuair a shiúil sé. D'útamáil sé ag an giarbhosca agus an lasc-chlár.

"Bainfidh mé triail as," arsa an Súilleabhánach. "Seiceáil an caolú. Agus nach bhfuil sé i ngiar."

Lámh aige ar an inneall, chrom sé agus bhain sé casadh as. Ag snagarsach bomaite, dhúisigh sí go tobann agus phreab sé ar aghaidh. Rinne an Súilleabhánach an-iarracht léim as a bealach. Chomh maith lena iarracht éalú shamhlaigh sé go ndearna sé iarracht an tarracóir a bhrú siar agus é a stopadh ag dul thar an imeall.

Ach i bpreabadh na súl bhí an tarracóir sa riasc agus an Súilleabhánach faoi. Bhí an leantóir ar ghéaruillinn ach fós ar an bportach. Sa riasc bhí inneall an tarracóra ar bhrollach an tSúilleabhánaigh. Gan dóchas ar domhan acu agus iad ar mire rinne sé féin agus an Geancachán iarraidh an t-ualach go léir a tharraingt siar. B'fhaillí an Gheancacháin é. Chuir an t-amadán an tarracóir i ngiar nuair a iarradh air seiceáil.

Léim sé isteach sa riasc. Ní raibh ach ceann, guaillí agus an chuid uachtarach de bhrollach an tSuilleabhánaigh le feiceáil. Bhí a shúile ar oscailt ach scaimh na péine ina aghaidh. Bhí an talamh bog. Réab sé leis lena lámha, a anam ar mire le mearbhall.

"A Shuilleabhánaigh, a Shúilleabhánaigh"

Eisean ba chúis leis bheith sa phortach. Bhí sé ag díol na móna chun an t-airgead a thabhairt dó. Ba í a fhaillí féin í, ní faillí an Gheancacháin. Ghúistigh sé ar an gclábar lena lámha suas go dtí na huilne. Rith an Geancachán amach bóthar Sheáin Sheosaimh chun cabhair a fháil. Mar a réab sé ar an chlábar, tháinig sé éasca go leor i gcnapáin mhóra dhorcha. Ach ansin mhothaigh sé rud éigin crua. Bhí an Súilleabhánach i bhfostú idir an tarracóir agus stumpa darach portaigh. Is dócha go raibh a dhroim briste. Bhí sé á bhrú chun báis go mall sa riasc portaigh. Thit a cheann ar leataobh.

"A Shúilleabhánaigh, A Shúilleabhánaigh, ná básaigh."

Thóg sé lámh bhricíneach an tSúilleabhánaigh ina lámh féin agus sháigh sé é fein síos sa riasc. Chuir sé a aghaidh lena aghaidh chun compord a thabhairt dó, chun a thaispeáint dó thar aon rud eile sa saol go raibh grá aige dó. Ag uair a bháis, más uair a bháis a bhí ann, mhothaigh sé an tuile grá seo ag brúchtadh ann. Ba é deireadh an domhain dó dá bhfaigheadh sé bás.

Thosaigh sé ar an gníomh croíbhrú. "O my God I'm heartly sorry. . ." ach ní raibh sé in ann leanacht ar aghaidh. Bhí na deora ag sileadh amach as. Chroith a chorp go léir. Bhí sé ag béicíl amach os ard sa bhfásach folamh, sceon air, ag iarraidh bás a eaglú as an mbealach.

Bhí na rothaí tosaigh sa díog, an t-uisce chomh dubh le pórtar. D'oscail súile an tSúilleabhánaigh agus dhún siad, a aghaidh casta. Bhí leathmhaing ar an inneall ag dul síos níos doimhne sa phortach Bhí a anáil i mbarr a ghoib aige, gach tarraingt gearr agus gliogarnach. Shín a lámha amach i dtreo an tarracóra ionann is go raibh sé ag iarraidh brú amháin eile a thriail chun é féin a shaoradh.

"Tá cabhair ag teacht, a Shúilleabhánaigh, coinnigh ar siúl." Thit a lámha síos arís, a cheann sleabhctha aige.

"Ná básaigh, a Shúilleabhánaigh".

Ba shíoraíocht é gach aon soicind. Ba gheall le tromluí an rud go léir dó. Ní raibh a fhios aige an raibh sé ag tarlú nó nach raibh. Bhí sé as a mheabhair ar fad. Chroch cíob liath thar imeall an phortaigh, an mhóin ag lonrú mar sheacláid fhliuch síos faoi. D'eitil préachán thart, práta ina bhéal aige.

Cá háit a raibh an Geancachán lena bhuataisí scoilte agus an t-amadán de chaipín sin ar a cheann. Tuige a raibh tubaistí mar seo ag carnadh ar a chéile? Bhí sé tite in umar na haimléise. Ar de bharr a ghrá d'Aoife é? Seafóid. Mura dtiocfadh an Geancachán ar ais go luath bheadh air dul ar thóir an bastaird dhúir.

Bhí seangheansaí peile á chaitheamh ag an Súilleabhánach. Bhí an scaball donn le feiceáil thar a mhuineál. Bhí sé ar an dath céanna leis an mhóin ach ar éigin go ndéanfadh sé é a shábháil anois. Bhí sé ina luí go faon ina lámha, a cheann sleabhctha siar. Chaithfidh sé bheith marbh. Ní hea. Bhí sé fós beo, piachánach ach beo, a bhrollach láidir faoi shaothar anála. Chomh láidir le damh, bhí sé ag iarraidh greim a choimeád ar a shaol.

"Gráim thú, a Shúilleabhánaigh." Bhí grá aige dó. Roinn siad gach rud cosúil le deartháireacha, an leaba fiú. Ba eisean a thaispeáin an ceantar dó agus a mhínigh deacrachtaí an tsaoil dó ach ní go dtí anois go raibh gach rud ag teacht le chéile.

"Tá m'fhonn seinnte agam nach bhfuil, a leaid." Tháinig na focail amach as i gcnead leis a bpian.

"Tá brón orm, tá brón orm. Ba í m'fhaillí féin í. Murach mise ní bheifeá anseo. Shil na focail amach, marbh. Ní dhéanfaidís tada chun an tarracóir agus an leantóir a bhogadh. Bhíodar ar crothadh thar an bport cosúil le bréagáin mhóra.

Ní bheadh sé choíche in ann iarracht an tSúilleabhánaigh chun an tarracóir a stopadh agus é féin a shábháil a ghlanadh as a mheabhair . . . cosa scartha, léim sé ar chúl, ionadh ar a aghaidh agus fuinneamh mire air ag iarraidh léim as an mbealach ag an nóiméad deireanach.

Mhúch inneall an tarracóra agus é ag titim thar an imeall. Thit an Súilleabhánach os a chomhair amach, a lámha amach, a mhéara oscailte. Bhuail a lámha an t-aer ionann is go raibh sé ag iarraidh eitilt.

Chuala sé inneall agus scréachaíl. Tháinig fir ag rith ó gach uile aird. Sa deireadh bhí cabhair tagtha. D'fhéadfadh sé leoraí a fheiceáil ag teacht. Shil deor fola ó chúinne bhéal an tSúilleabhánaigh.

"A Dhia, a Dhia ná tóg é."

Bhí an spéir mar bhraillín shíoraí, chomh liath le géanna fiáine. Tharraing fir ón Súilleabhánach é. Ní raibh a fhios aige cérbh iad. Bhí an Geancachán ag féachaint air. Má bhí an Súilleabhánach ag fáil bháis, níor theastaigh uaidh bheith ann nuair a dhún bás codlatach a shúile. Ionann is nach raibh ann ach giorria, nó fuiseog nó francach i ngaiste. Theastaigh uaidh rud éigin a dhéanamh. An buachaill a bhí in ann cur fola a leigheas . . . clós ceannaí seanchapall. . .

Rith sé chuig an teach, thar na cnocáin, a chosa trom, a chroí i scifleoga. Thóg sé an seanrothar agus síos an bóthar leis ar nós na gaoithe go dtí an teach tábhairne ag an chrosaire. Chuimhnigh sé ar an uimhir ghutháin a bhí ar an ngeata – Lios na gCruach 10.

An bhean Stealla a d'fhreagair. D'inis sé di cad a tharla, ag coinneáil greim air féin chun an scéal a insint di. An bhféadfadh an buachaill a raibh an leigheas aige ar chur fola teacht ar an toirt? D'fhanfadh sé leo ag an bpub.

D'fhan sé. D'fhéadfadh sé a insint dóibh conas teacht ar an dteach nó conas dul isteach sa phortach ach níor theastaigh uaidh dul ar ais ina aonar. Sin é, dá ndúnfadh an Súilleabhánach a shúile go síoraí ina láthair. Ní fhéadfadh sé é sin a fhulaingt.

Ar lean an tseachtain seo chugainn

Oícheanta i nGéibheann

Braighdeanas an téama an mhí seo ag an chompántas cháiliúil, Aisteoirí Bulfin.

Sa chéad chuid den oíche léireoidh Mike Donoghue rogha dánta ón chnuasach nuafhoilsithe *Guantánamo*, dánta le cimí an champa géibhinn sin arna gcur i nGaeilge ag Gabriel Rosenstock agus a d'fhoilsigh Cosicéim.

Dráma atá sa dara cuid den oíche le dráma suite sa bhliain 1680 i bpríosún i nDroichead Átha, áit a bhfuil an tArd-Easpag Oilibhéar Pluincéad á choinneáil agus á cheastóireacht.

Seán Ó Broin atá i mbun an léirithe seo agus is é Seán Ó Tuama a scríobh an script do *Moloney*.

Is sa New Theatre, 43 Sráid Essex Thoir, Barra an Teampaill i mBaile Átha Cliath a bheidh an drámaíocht ar siúl ó 20-23 Bealtaine.

(Tá an New Theatre os comhair Óstán an Clarence agus téitear isteach ann tríd an Connolly Bookshop.)

€12 agus €10 atá ar na ticéid agus is féidir iad a chur in áirithe trí scairteadh ar Bhaile Átha Cliath 6703361.

Beidh an dá leabhar ar díol ag na léirithe.